**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric iontacha faoin domhantarraingt**

## Fíric a hAon

Má tá mais mhór ag rud éigin, beidh níos mó domhantarraingthe aige. Má tá mais bheag ag rud éigin, beidh níos lú domhaintarraingthe aige. Tá an imtharraingt is láidre ar domhan ag dúphoill. Glactar le dúphoill mar chuid de na rudaí a dhéanann an méid is mó scriosta ar domhan. Ag croílár ár réaltra tá dúpholl mór millteach ag a bhfuil an mhais is mó sa Chóras Réaltrach. Tá mais bunaithe ar líon na n-adamh atá le fáil i rud éigin. Ní athraíonn mais rud éigin riamh. Tá imtharraingt dúpholl chomh láidir sin go bhfuil tionchar aici ar sholas fiú.

## Fíric a Dó

Seans maith gur chuala sibh faoi Shior Isaac Newton roimhe seo, ach an raibh a fhios agaibh gur thug sé domhantarraingt faoi deara trí sheans? Deirtear go bhfaca Newton úll ag titim díreach amach as crann agus ag bualadh faoin talamh sa bhliain 1666. Thit an t-úll díreach síos, ní dheachaigh sé ar dheis ná ar chlé. Thug sé faoi deara gur fórsa ba chúis leis sin agus thug sé 'domhantarraingt' ar an bhfórsa in. Ba é Sior Isaac Newtown duine de na matamaiticeoirí ab fhearr ar domhan agus chuaigh an obair a rinne sé i bhfeidhm ar go leor eolaithe iontacha eile cosúil le hAlbert Einstein.

## Fíric a Trí

Ciallaíonn domhantarraingt go bhfuil gach rud ar domhan ag tarraingt ar a chéile. Tá tionchar ag domhantarraingt ar thaoidí aigéin de bhrí go bhfuil an Ghealach ag tarraingt ar an domhan. Nuair a tharlaíonn sé sin, bogann na farraigí agus uisce na n-aigéan. De réir mar a chasann an Domhan, bailíonn an t-uisce inár bhfarraigí agus aigéin ag an taobh is gaire don Ghealach. Sin is cúis le taoide ard agus taoide íseal. Mura mbeadh domhantarraingt ann, ansin ní fhéadfadh an Ghealach taisteal thart ar an Domhan agus ní fhéadfadh an Domhan taisteal thart ar an nGrian.

## Fíric a Ceathair

Murach an domhantarraingt ní bheimis inár seasamh anseo ar an domhan. Bheadh ar dhuine éigin muid a cheangal leis an talamh nó bheadh gach duine againn ag snámh san aer agus sa spás. Níl aon domhantarraingt, nó díreach beagán domhantarraingthe, sa spás. Sin an chúis a mbíonn spásairí ag snámh sa spás agus ina spáslonga.

**Fíric a Cúig**

An raibh a fhios agaibh go mbíonn muid níos lú mar gheall ar dhomhantarraingt? Tá sibh níos airde ar maidin ná mar atá sibh san oíche. Ainneoin nach bhfuil an difríocht ollmhór nó feiceálach, tá difríocht ann. Tarraingíonn domhantarraingt muid i dtreo na talún rud is cúis lenár ndromlaigh a bheith ag éirí níos lú. Nuair a bhíonn muid inár gcodladh bíonn muid ag luigh síos, rud a chiallaíonn gur féidir lenár ndromlaigh síneadh go hiomlán. Is féidir le spásairí fás sa spás de bhrí nach bhfuil aon domhantarraingt ann.  Tomhais sibh féin an chéad rud ar maidin agus ansin arís san oíche agus seiceáil an méid ar laghdaigh sibh i rith an lae mar gheall ar dhomhantarraingt.

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric iontacha sin faoin domhantarraingt. Feicfidh mé arís sibh.

